

NÓTAÍ MÍNITHE

1. An bunús leis na figiúirí

Na figiúirí a thaispeántear le haghaidh fáltas agus caiteachais in 2005, is aschuir réamh-mheasta iad agus léiríonn siad an t-eolas reatha. Tá siad faoi réir athbhreithnithe nuair a bheidh figiúirí dheireadh na bliana ar fáil. Beidh na sonraí lániniúchta le haghaidh 2005 ar fáil sna *Cuntais Airgeadais 2005* agus sna *Cuntais Leithghabhála 2005* atá le foilsiú faoi 30 Meán Fómhair 2006 ar a dhéanaí.

2. Ioncam

Tá meastachán an ioncaim le haghaidh 2006 bunaithe ar an dlí cánach atá i bhfeidhm faoi láthair.

3. Caiteachas

Ar 17 Samhain 2005 foilsíodh na *Meastacháin le haghaidh Seirbhísí Poiblí (Leagan Coimrithe) agus Gearrchlár Caipitil Poiblí 2006* (IMC). Is ionann figiúirí 2006 sa doiciméad seo agus na cinn a foilsíodh san IMC. Tá figiúirí réamh-mheasta an aschuir do 2005 ag teacht leis na figiúirí a foilsíodh san IMC, agus is figiúirí sealadacha iad faoi mar a chuir Ranna agus Oifigí iad in iúl. Beidh figiúirí eisiúintí dheireadh na bliana ar fáil go luath in Eanáir 2006.

4. Leithghabhálacha-i-gCabhair

Taispeántear caiteachais vótáilte glan ar Leithghabhálacha-i-gCabhair. Is fáltais iad seo ar féidir le Roinn nó le hOifig, le toiliú na Dála, a choinneáil chun caiteachas a fhritháireamh in ionad iad a íoc isteach i gCuntas Státchiste an Lárchiste. Cuimsítear sonraí ollchaiteachais vótáilte ag Ranna in IMC 2006.

5. ÁSPC

Íoctar na ranníocaíochtaí ÁSPC isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) agus ní cuid iad den ioncam a íoctar isteach sa Lárchiste.

Roimhe seo, ba ghá ranníocaíocht Státchiste chun an gannchion ar an CÁS a ghlanadh. Ach níor ghá ranníocaíocht Státchiste ó 1997.

6. Réamh-mhaoiniú dliteanas pinsean sa todhchaí

San Acht um an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean 2000 tá soláthar le haghaidh réamh-mhaoiniú cuid de chostas pinsean leasa shóisialaigh agus seirbhíse poiblí sa todhchaí agus 1% den Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN) measta a chur ar leataobh sa bhliain chun na críche seo (féach Nóta 7 ar leathanach 8)

7. Tabhairt ar aghaidh Leithdháiltí Caipitil

Faoi réir Mhír 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir le Ranna agus le hOifigí caipiteal neamhchaite suas le 10% dá leithdháiltí caipitil vótáilte a thabhairt ar aghaidh go dtí an bhliain dár gcionn. In aschur tuartha 2005 tá méid de €286 milliún a eiseofar ón Státchiste agus a chuirfear chun creidiúint Chuntas an Phámháistir Ghinearálta i leith gach Roinne atá i gceist lena chaitheamh in 2006. San Imleabhar Meastachán Athbhreithnithe 2006 léireoidh an t-aschur sealadach an caiteachas iarbhír.

8. An Comhardú Rialtais Ghinearálta (Tábla 1(a))

Is é an t-aschur réamh-mheasta don Chomhardú Rialtais Ghinearálta (CRG) in 2005 ná barrachas de €439 milliún nó 0.3% de OTN. Is é an tuar don CRG réamh-Bhuiséid do 2006

ná barrachas de €1,295 milliún nó 0.8% de OTN, i gcomhréir leis an gComhardú Státchiste atá foilsithe sa pháipéar seo (féach leathanach 4).

Is slat tomhais é an CRG ar fheidhmíocht fhioscach na hearnála Rialtais Ghinearálta go léir, ar a n-áirítear an Státchiste, an Ciste Árachais Shóisialaigh (CÁS), na comhlachtaí státurraithe neamhthrádála, an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP), na hÚdaráis Áitiúla agus na Coistí Gairmoideachais (CGO). D'áirítí na Boird Sláinte freisin sular lánscoradh iad i dtús 2005; is cuid den Státchiste an Fheidhmeannacht Seirbhíse Sláinte a cuireadh ina n-ionad.

Dá thoradh sin, ní áirítear idirbhearta laistigh d'earnáil an Rialtais Ghinearálta i dtaca leis an CRG: mar shampla, ní athraíonn íocaíocht ón Státchiste leis an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean an Comhardú Rialtais Ghinearálta.

Is ceisteanna iad le socrú ag Eurostat (Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh) teorainn earnáil an Rialtais Ghinearálta a leagan síos, agus an chaoi a gcinntear an chóir cheart chuntasaíochta ESA95 le haghaidh idirbhearta Rialtais Ghinearálta.

Is cóir a thabhairt faoi deara go n-áirítear sa CRG tuartha le haghaidh 2005 costas réamh-mheasta iomlán i leith táillí áirithe tithe banaltrachta a aisíoc(€1 bn nó 0.6% de OTN). Eascraíonn sé seo as cinneadh Eurostat i Lúnasa 2005 gur cóir na haisíochtaí go léir atá dlite i leith na dtáillí seo, is cuma cathain a dhíscaoiltear iad iarbhír, a thairfeadh mar chaiteachas in 2005, an bhliain inar chruthaigh na cúirteanna dliteanas an Stáit. Tá an chóireáil seo ar aon dul le cásanna eile ar leibhéal an AE.

9. Leagan Gaeilge

Foilsítear an doiciméad seo i nGaeilge agus i mBéarla. Tá an leagan Gaeilge le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Airgeadais www.finance.gov.ie